Leasú 50
Irene Montero, Ilaria Salis, Estrella Galán
thar ceann an Ghrúpa Chlé

Tuarascáil **A10-0103/2026**
Andrey Kovatchev
Moladh maidir leis an 81ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe (2025/2167(INI))

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 – pointe x

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
(x) a gcáineadh láidir ar chogadh foghach neamhdhleathach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a athdhearbhú, mar aon lena hionsaithe ar ollstruchtúr domhanda na síochána agus na slándála, lena n-áirítear ionstraimí CSNA; á mholadh go ndéanfaí sos cogaidh iomlán chun fulaingt na sibhialtach a mhaolú, agus go mbeadh síocháin chuimsitheach chóir mharthanach ann don Úcráin, lena n-áireofaí ráthaíochtaí láidre slándála, bunaithe ar Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar an dlí idirnáisiúnta, lena gcoisctear aon ionsaí athnuaite agus lena bhfrithghníomhaítear ina choinne láithreach, agus ag an am céanna cuntasacht iomlán a áirithiú i leith coireanna cogaidh, agus leanaí na hÚcráine a fuadaíodh, sibhialtaigh atá i mbraighdeanas agus príosúnaigh chogaidh a thabhairt ar ais; tacú leis na Náisiúin Aontaithe sásraí dlíthiúla a shainaithint chun sócmhainní reoite na Rúise a shlógadh ar mhaithe le hatógáil na hÚcráine gan ualach airgeadais a chur ar Bhallstáit an Aontais; cáineadh a lorg ar chibearionsaithe ar eintitis agus ar dhaoine aonair de chuid tríú tíortha arna ndéanamh ag an Rúis agus ag a comhghuaillithe;	(x) a gcáineadh láidir ar chogadh foghach neamhdhleathach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a athdhearbhú, mar aon lena hionsaithe ar ollstruchtúr domhanda na síochána agus na slándála, lena n-áirítear ionstraimí CSNA; á mholadh go ndéanfaí sos cogaidh iomlán chun fulaingt na sibhialtach a mhaolú, agus go mbeadh síocháin chuimsitheach chóir mharthanach ann don Úcráin, lena n-áireofaí ráthaíochtaí láidre slándála, bunaithe ar Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar an dlí idirnáisiúnta, lena gcoisctear aon ionsaí athnuaite agus lena bhfrithghníomhaítear ina choinne láithreach, agus ag an am céanna cuntasacht iomlán a áirithiú i leith coireanna cogaidh, agus leanaí na hÚcráine a fuadaíodh, sibhialtaigh atá i mbraighdeanas agus príosúnaigh chogaidh a thabhairt ar ais; tacú leis na Náisiúin Aontaithe sásraí dlíthiúla a shainaithint chun sócmhainní reoite na Rúise a shlógadh ar mhaithe le hatógáil na hÚcráine gan ualach airgeadais a chur ar Bhallstáit an Aontais; cáineadh a lorg ar chibearionsaithe ar eintitis agus ar dhaoine aonair de chuid tríú tíortha arna ndéanamh ag an Rúis agus ag a comhghuaillithe; ***á chur i bhfios go láidir gur cheart atógáil na hÚcráine a dhíriú go príomha ar sheirbhísí poiblí, tithíocht, cúram sláinte, oideachas agus bonneagar sibhialtach a***

neartú, agus trédhearcacht, rannpháirtíocht dhaonlathach agus an comhrac i gcoinne an éillithe a áirithiú mar choinníollacha d'atógáil chóir;

Or. en

Leasú 51
Irene Montero, Rudi Kennes, Konstantinos Arvanitis, Ilaria Salis, Marc Botenga
thar ceann an Ghrúpa Chlé

Tuarascáil **A10-0103/2026**
Andrey Kovatchev
Moladh maidir leis an 81ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe (2025/2167(INI))

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 – pointe y

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
(y) béim a leagan ar an bhfíoras gur réigiún é an réigiún Artach ina bhfuil teannas geopolaitiúil ag dul i méid, arb é an t-iomaíochas maidir le hacmhainní nádúrtha agus láithreacht mhíleata atá ag méadú is cúis leis; imní mhór a chur in iúl maidir le gníomhaíochtaí slándála agus straitéiseacha na Rúise sa réigiún, ar gníomhaíochtaí iad a bhfuil éifeacht dhíchobhsaithe acu; béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé ceannasacht agus iomláine chríochach Ríocht na Danmhairge agus na Graonlainne agus féinchinntiúchán mhuintir na Graonlainne a urramú, agus freasúra láidir mhuintir na Graonlainne i gcoinne aon iarrachtaí seachtracha chun an stádas sin a athrú gan a saorthoil agus gan a dtoiliú a thabhairt dá n-aire; iarracht a dhéanamh ar an Aontas agus ar a chomhpháirtithe tacú leis an Danmhairg agus leis an nGraonlainn maidir le cobhsaíocht an réigiúin a choimirciú i bhfianaise brúnna geopolaitiúla seachtracha, lena n-áirítear trí chomhar feabhsaithe san Artach; a thabhairt chun suntais gur gá don Aontas agus do na Náisiúin Aontaithe díriú níos láidre ar an gcobhsaíocht, ar an idirphlé cuiditheach agus ar an urraim iomlán don dlí idirnáisiúnta agus do Chairt na Náisiún Aontaithe i ngnóthaí an Artaigh;	(y) béim a leagan ar an bhfíoras gur réigiún é an réigiún Artach ina bhfuil teannas geopolaitiúil ag dul i méid, arb é an t-iomaíochas maidir le hacmhainní nádúrtha agus láithreacht mhíleata atá ag méadú is cúis leis; imní mhór a chur in iúl maidir le gníomhaíochtaí slándála agus straitéiseacha na Rúise sa réigiún, ar gníomhaíochtaí iad a bhfuil éifeacht dhíchobhsaithe acu; béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé ceannasacht agus iomláine chríochach Ríocht na Danmhairge agus na Graonlainne agus féinchinntiúchán mhuintir na Graonlainne a urramú, agus freasúra láidir mhuintir na Graonlainne i gcoinne aon iarrachtaí seachtracha chun an stádas sin a athrú gan a saorthoil agus gan a dtoiliú a thabhairt dá n-aire; iarracht a dhéanamh ar an Aontas agus ar a chomhpháirtithe tacú leis an Danmhairg agus leis an nGraonlainn maidir le cobhsaíocht an réigiúin a choimirciú i bhfianaise brúnna geopolaitiúla seachtracha, lena n-áirítear trí chomhar feabhsaithe san Artach; á thabhairt chun suntais gur gá don Aontas agus do na Náisiúin Aontaithe díriú níos láidre ar an gcobhsaíocht, ar an idirphlé cuiditheach agus ar an urraim iomlán don dlí idirnáisiúnta agus do Chairt na Náisiún Aontaithe i ngnóthaí an Artaigh; ***ag diúltú do bhagairtí na Stát Aontaithe maidir leis an nGraonlainn; ag diúltú d'aon***

bhagairt, brú nó éileamh maidir le fáil chríochach atá ar neamhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe, go háirithe má sháraíonn sé prionsabal an toirmisc ar bhagairt nó ar úsáid fornirt;

Or. en

Leasú 52
Danilo Della Valle, Anthony Smith, Emma Fourreau, Manon Aubry, Rima Hassan, Rudi Kennes, Lynn Boylan, Konstantinos Arvanitis, Marc Botenga, Damien Carême, Leila Chaibi, Giorgos Georgiou, Irene Montero
thar ceann an Ghrúpa Chlé

Tuarascáil **A10-0103/2026**
Andrey Kovatchev
Moladh maidir leis an 81ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe (2025/2167(INI))

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 – pointe aa

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
(aa) a chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na gníomhaíochtaí míleata leanúnacha ar fud an Mheánoirthir, lena n-áirítear an ról díchobhsaitheach atá ag an Iaráin agus ag a hionadaithe réigiúnacha ar eagraíochtaí sceimhlitheoireachta iad***; béim a leagan ar an bhfíoras go bhfuil na hionsaithe ag na Stáit Aontaithe agus ag Iosrael á ndéanamh lasmuigh den chóras iltaobhach, ar córas é atá bhunaithe ar rialacha;*** dlúthpháirtíocht iomlán a chur in iúl do mhuintir na hIaráine agus tacú leo, an réimeas Iaránach a cháineadh go láidir mar gheall ar an gcos ar bolg foréigneach ar thaispeántais shíochánta, maruithe ar an mórchóir, coinneálacha treallacha agus forghníomhuithe, agus glaoch a chur ar mhisean neamhspleách de chuid na Náisiún Aontaithe chun fíorais a fháil a bhunú agus comhoibriú go hiomlán leis d'fhonn cuntasacht a áirithiú i leith gach sárú tromchúiseach ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta; glacadh mar dhíol sásaimh le glacadh Rún 2817 (2026) ó CSNA, lena gcáintear go láidir ionsaithe na hIaráine i gcoinne Bhairéin, Chuáit, Óman, Chatar, na hAraibe Sádaí, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, na hIordáine agus na hIaráice agus lena n-éilítear scor láithreach de na hionsaithe sin; ionsaithe na hIaráine i	(aa) ***ag cáineadh na n-ionsaithe a rinne na Stáit Aontaithe agus Iosrael, ar sárú d'aon ghnó é ar an dlí idirnáisiúnta atá á dhéanamh lasmuigh den chóras iltaobhach, atá bunaithe ar rialacha; ag cáineadh go láidir na n-ionsaithe neamh-idirdhealaitheacha a rinne fórsaí Iosrael ar phobail shibhialtacha agus ar bhonneagar sibhialtach, a d'fhéadfadh a bheith ina gcoireanna cogaidh faoin dlí daonnúil idirnáisiúnta; á mheabhrú go bhfuil sé d'oibleagáid ar Iosrael, mar chumhacht forghabhála, an dlí idirnáisiúnta a chomhlíonadh go hiomlán, lena n-áirítear sibhialtaigh a chosaint agus pionós comhchoiteann a thoirmeasc, agus cuntasacht a iarraidh as gach sárú a dhéantar; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha é líon ard na dtaismeach ar leanaí iad, mar thoradh ar ionsaithe Iosrael san Iaráin; ag tabhairt dá haire, de réir eagraíochtaí idirnáisiúnta, gur maraíodh nó gur gortaíodh na céadta leanaí ó thús na coinbhleachta, lena n-áirítear 165 chailín scoile sa sléacht in Minab mar thoradh ar aerthuairgneáil ag na Stáit Aontaithe agus 200 leanbh ar a laghad san Iaráin amháin;*** á chur in iúl gur cúis bhuartha iad na gníomhartha míleata leanúnacha ar fud an Mheánoirthir, lena n-áirítear an ról

gcoinne Iosrael a cháineadh freisin; dlús a chur le hiarrachtaí taidhleoireachta i bhfóraim iltaobhacha agus comhar níos dlúithe a lorg le comhpháirtithe an Aontais sa réigiún chun an díghéarú, an atógáil, an t-idirphlé fóinteach agus an chobhsaíocht réigiúnach inbhuanaithe a chur chun cinn i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le prionsabail na Náisiún Aontaithe; breithniú a dhéanamh ar struchtúir stát na Liobáine a neartú mar phríomhghné don chobhsaíocht; díchobhsaitheach atá ag an Iaráin agus ag a hionadaithe réigiúnacha d'eagraíochtaí sceimhlitheoireachta; dlúthpháirtíocht iomlán a chur in iúl do mhuintir na hIaráine agus tacú leo, an réimeas Iaránach a cháineadh go láidir mar gheall ar an gcos ar bolg foréigneach ar thaispeántais shíochánta, maruithe ar an mórchóir, coinneálacha treallacha agus forghníomhuithe, agus glaoch a chur ar mhisean neamhspleách de chuid na Náisiún Aontaithe chun fíorais a fháil a bhunú agus comhoibriú go hiomlán leis d'fhonn cuntasacht a áirithiú i leith gach sárú tromchúiseach ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta; glacadh mar dhíol sásaimh le glacadh Rún 2817 (2026) ó CSNA, lena gcáintear go láidir ionsaithe na hIaráine i gcoinne Bhairéin, Chuáit, Óman, Chatar, na hAraibe Sádaí, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, na hIordáine agus na hIaráice agus lena n-éilítear scor láithreach de na hionsaithe sin; ionsaithe na hIaráine i gcoinne Iosrael a cháineadh freisin; dlús a chur le hiarrachtaí taidhleoireachta i bhfóraim iltaobhacha agus comhar níos dlúithe a lorg le comhpháirtithe an Aontais sa réigiún chun an díghéarú, an atógáil, an t-idirphlé fóinteach agus an chobhsaíocht réigiúnach inbhuanaithe a chur chun cinn i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le prionsabail na Náisiún Aontaithe; breithniú a dhéanamh ar struchtúir stát na Liobáine a neartú mar phríomhghné don chobhsaíocht; ***á iarraidh ar na páirtithe uile páirt a ghlacadh i bhfioriarrachtaí taidhleoireachta laistigh de chreataí iltaobhacha atá dírithe ar dhíghéarú, ar an atógáil d'ollstruchtúr slándála réigiúnach inbhuanaithe agus é a chur chun cinn bunaithe ar an dlí idirnáisiúnta agus ar urraim fhrithpháirteach; á chur i bhfios go láidir nach féidir cobhsaíocht fhadtéarmach sa Mheánoirthear a bhaint amach trí chomhéigean míleata ach go bhfuil gá le hidirphlé cuimsitheach agus le cloí le noirm dhlíthiúla;***

Or. en

Leasú 53
Rima Hassan, Anthony Smith, Emma Fourreau, Manon Aubry, Hanna Gedin, Rudi Kennes, Lynn Boylan, Konstantinos Arvanitis, Ilaria Salis, Marc Botenga, Damien Carême, Leila Chaibi, Giorgos Georgiou, Irene Montero
thar ceann an Ghrúpa Chlé

Tuarascáil **A10-0103/2026**
Andrey Kovatchev
Moladh maidir leis an 81ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe (2025/2167(INI))

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 – pointe aa a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	(aa a) ag cáineadh go láidir na n-ionsaithe ar réada sibhialtacha, lena n-áirítear scoileanna agus limistéir chónaithe, as ar eascair an bás de leanaí agus a d'fhéadfadh a bheith ina sáruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta; á mheabhrú go bhfuil an toirmeasc ar dhíriú ar réada sibhialtacha ar cheann de na prionsabail is bunúsaí den dlí daonnúil idirnáisiúnta, agus á mheabhrú thairis sin go bhfuil leanaí i dteideal cosaint speisialta faoin dlí idirnáisiúnta agus á iarraidh go mbeadh cuntasacht iomlán ann as gach sárú a dhéantar ina gcoinne;

Or. en

Leasú 54
Rima Hassan, Anthony Smith, Emma Fourreau, Manon Aubry, Rudi Kennes, Lynn Boylan, Ilaria Salis, Marc Botenga, Damien Carême, Leila Chaibi, Irene Montero
thar ceann an Ghrúpa Chlé

Tuarascáil **A10-0103/2026**
Andrey Kovatchev
Moladh maidir leis an 81ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe (2025/2167(INI))

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 – pointe ab

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
(ab) Rún 2803 (2025) ó CSNA an 17 Samhain 2025 maidir leis an bPlean Cuimsitheach chun deireadh a chur le Coinbhleacht Gaza a thabhairt dá n-aire mar chéim i dtreo idirphlé feabhsaithe agus cothú muiníne i measc na bpáirtithe leasmhara uile agus mar bhealach inchreidte i dtreo réiteach dhá stát; béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le tuilleadh fiosrúcháin a dhéanamh ar shineirgí agus ar chomhar idir aon sásraí nua agus struchtúir idirnáisiúnta na síochána agus na slándála atá ann cheana faoi Chairt na Náisiún Aontaithe; oibriú go gníomhach leis na Ballstáit chun sos cogaidh buan a bhaint amach atá á chur chun feidhme agus á urramú go héifeachtach agus chun réiteach dhá stát a réadú go hiomlán; gach sárú ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta a cháineadh, lena n-áirítear coireanna cogaidh;	(ab) Rún 2803 (2025) ó CSNA an 17 Samhain 2025 maidir leis an bPlean Cuimsitheach chun deireadh a chur le Coinbhleacht Gaza a thabhairt dá n-aire mar chéim i dtreo idirphlé feabhsaithe agus cothú muiníne i measc na bpáirtithe leasmhara uile agus mar bhealach inchreidte i dtreo réiteach dhá stát; béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le tuilleadh fiosrúcháin a dhéanamh ar shineirgí agus ar chomhar idir aon sásraí nua agus struchtúir idirnáisiúnta na síochána agus na slándála atá ann cheana faoi Chairt na Náisiún Aontaithe; oibriú go gníomhach leis na Ballstáit chun sos cogaidh buan a bhaint amach atá á chur chun feidhme agus á urramú go héifeachtach agus chun réiteach dhá stát a réadú go hiomlán; ag cáineadh gach sáraithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, lena n-áirítear coireanna cogaidh ***arna ndéanamh ag Iosrael***; ***á mheas go bhfuil sé léirithe go soiléir ag Iosrael anois go bhfuil sé ag sárú rialacha agus oibleagáidí iomadúla faoin dlí idirnáisiúnta agus gur mhainnigh sé go mór coir an chinedhíothaithe a chosc agus neamhaird fhollasach á tabhairt aige ar orduithe CBI;***

Or. en

Leasú 55
Rima Hassan, Anthony Smith, Emma Fourreau, Manon Aubry, Danilo Della Valle, Hanna Gedin, Rudi Kennes, Lynn Boylan, Konstantinos Arvanitis, Ilaria Salis, Estrella Galán, Marc Botenga, Damien Carême, Leila Chaibi, Giorgos Georgiou, Irene Montero
thar ceann an Ghrúpa Chlé

Tuarascáil **A10-0103/2026**
Andrey Kovatchev
Moladh maidir leis an 81ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe (2025/2167(INI))

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 – pointe ab a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	(ab a) ag cáineadh an leibhéil de mharú agus gortú sibhialtach nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, an easáitithe daonra ar mhórscála agus an scriosta chórasaigh ospidéal agus saoráidí leighis in Gaza ag Iosrael; ag cáineadh tuilleadh an imshuí ar chabhair dhaonnúil arna chur chun feidhme ag Iosrael, ar imshuí é a d'fhéadfadh an t-ocras a bheith ina mhodh cogaidh dá bharr; ag cáineadh an 'dlí maidir le pionós an bháis' atá beartaithe ag Iosrael lena ndíreofar ar Phalaistínigh; á mheas go bhfuil sé léirithe go soiléir anois ag Iosrael go bhfuil sé ag sárú rialacha agus oibleagáidí iomadúla faoin dlí idirnáisiúnta agus faoi Airteagal 2 den Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas agus Iosrael[1a] agus gur mhainnigh sé coir an chinedhíothaithe a chosc, gan aird a thabhairt ar orduithe CBI; dá bhrí sin, an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas agus Iosrael a chur ar fionraí;

[1a] An Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Stát Iosrael,

den pháirt eile, (IO L 147, 21.6.2000, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2000/384/oj).

Or. en

Leasú 56
Rima Hassan, Anthony Smith, Emma Fourreau, Manon Aubry, Hanna Gedin, Rudi Kennes, Lynn Boylan, Konstantinos Arvanitis, Ilaria Salis, Estrella Galán, João Oliveira, Marc Botenga, Damien Carême, Leila Chaibi, Giorgos Georgiou, Irene Montero, Danilo Della Valle
thar ceann an Ghrúpa Chlé

Tuarascáil **A10-0103/2026**
Andrey Kovatchev
Moladh maidir leis an 81ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe (2025/2167(INI))

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 – pointe ab b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	(ab b) an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas agus Iosrael a chur ar fionraí agus athmhachnamh a dhéanamh ar an gcoinneáil ar bun ag an Aontas de chomhaontú lena rannchuidítear le stát a dhlisteanú agus a mhaoiniú, ar stát é a dhéanann coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh;

Or. en

Leasú 57
Rima Hassan, Anthony Smith, Emma Fourreau, Manon Aubry, Hanna Gedin, Rudi Kennes, Lynn Boylan, Konstantinos Arvanitis, Ilaria Salis, João Oliveira, Marc Botenga, Damien Carême, Leila Chaibi, Giorgos Georgiou, Irene Montero, Danilo Della Valle
thar ceann an Ghrúpa Chlé

Tuarascáil **A10-0103/2026**
Andrey Kovatchev
Moladh maidir leis an 81ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe (2025/2167(INI))

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 – pointe ab c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	(ab c) á iarraidh go gcuirfí stop le gach onnmhairiú arm chuig Iosrael, i gcomhréir le Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle[1a] agus leis na hoibleagáidí a eascraíonn as Airteagail I agus III(e) den Choinbhinsiún maidir le Coir an Chinedhíothaithe a Chosc agus a Phionósú, ós rud é go n-úsáidtear na hairm sin chun coireanna cogaidh a dhéanamh; á chur i bhfáth, mura gcuirtear stop leis na haistrithe sin, go bhfuil baol tromchúiseach ann go mbeidh comhpháirteachas i gceist leis na coireanna cogaidh agus leis an gcinedhíothú;

[1a] Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainmhínítear comhrialacha lena rialaítear rialú ar onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata (IO L 335, 13.12.2008, lch. 99, ELI: http://data.europa.eu/eli/compos/2008/944/oj).

Or. en

Leasú 58
Rima Hassan, Anthony Smith, Emma Fourreau, Manon Aubry, Hanna Gedin, Rudi Kennes, Lynn Boylan, Konstantinos Arvanitis, Ilaria Salis, Marc Botenga, Damien Carême, Leila Chaibi, Giorgos Georgiou, Irene Montero, Danilo Della Valle
thar ceann an Ghrúpa Chlé

Tuarascáil **A10-0103/2026**
Andrey Kovatchev
Moladh maidir leis an 81ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe (2025/2167(INI))

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 – pointe ab d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	(ab d) ag cáineadh go láidir na n-ionsaithe leanúnacha atá á ndéanamh ag fórsaí Iosrael ar shuíomhanna, ar phearsanra agus ar threalamh Fhórsa Eatramhach na Náisiún Aontaithe sa Liobáin (UNIFIL) i ndeisceart na Liobáine, lena n-áirítear caitheamh díreach, sárú ar sheasamh na Náisiún Aontaithe ag tancanna Iosraelacha, agus gortú cúigear coimeádaithe síochána ar a laghad agus marú duine amháin díobh ar a laghad; á mheabhrú nár cheart díriú riamh ar choimeádaithe síochána na Náisiún Aontaithe ná ar áitribh na Náisiún Aontaithe agus go bhféadfadh na hionsaithe sin a bheith ina gcoireanna cogaidh faoin dlí idirnáisiúnta; á iarraidh go ndéanfaí cuntasacht iomlán agus sábháilteacht, slándáil agus saorghluaiseacht UNIFIL a ráthú go hiomlán;

Or. en

Leasú 59
Danilo Della Valle, Rudi Kennes, Lynn Boylan, Konstantinos Arvanitis, Ilaria Salis, Marc Botenga, Giorgos Georgiou, Irene Montero
thar ceann an Ghrúpa Chlé

Tuarascáil **A10-0103/2026**
Andrey Kovatchev
Moladh maidir leis an 81ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe (2025/2167(INI))

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 – pointe ab e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	(ab e) á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha í freagairt theoranta AE maidir le haghaidh a thabhairt ar sháruithe córasacha líomhnaithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta ag Iosrael in Gaza agus ag an mBruach Thiar agus smachtbhannaí a fhorchur ina leith, lena n-áirítear úsáid dhíréireach fornirt, leathnú lonnaíochtaí agus srianta daonnúla; ag tabhairt dá n-aire na neamhréireachta maidir le bearta a glacadh i gcásanna inchomparáide eile; bearta iomchuí agus comhréireacha a mheas, lena n-áirítear an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas agus Iosrael a chur ar fionraí láithreach, i gcomhréir le hAirteagal 2 CAE agus le rúin ábhartha ó na Náisiúin Aontaithe, chun comhleanúnachas agus inchreidteacht ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a áirithiú;

Or. en